AN LONGFORT
Comhairle Chontae An Longfoirt
Longford County Council
CONNECTED
People · Place · Opportunity

# Fógra Príobháideachais
# **Oifig Fiontair Áitiúil an Longfoirt**

Ag Oifig Fiontair Áitiúil Chomhairle Chontae an Longfoirt tuigimid go bhfuil príobháideacht agus slándáil do chuid faisnéise pearsanta (sonraí) tábhachtach agat. Tugann an fógra príobháideachais seo breac-chuntas ar an gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta de réir na ndlíthe um chosaint sonraí.

Léigh an fógra seo mar aon le príomh **Bheartas Príobháideachais** Chomhairle Chontae an Longfoirt.

Scan le hamharc air
**Príomhbheartas Príobháideachais**

**Cabhair ag Teastáil Uait?** Conas cód QR a scanadh

1. Oscail d'aip cheamara
2. Frámáil an cód QR
3. Cliceáil ar an mír aníos

# Fógra Príobháideachais
# **Oifig Fiontair Áitiúil an Longfoirt**

## Cén fáth a bpróiseálann Oifig Fiontair Áitiúil an Longfoirt sonraí pearsanta?

Próiseálaimid do shonraí pearsanta (faisnéis) chun comhairle, faisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil duit má tá tú ag tosú nó ag fás do ghnó.

## Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseálann Oifig Fiontair Áitiúil an Longfoirt?

**Seo a leanas liosta de shonraí pearsanta a phróiseálaimid:**

- Ainm
- Seoladh Baile
- Dáta breithe
- Uimhir chláraithe cánach
- Uimhir Phearsanta Seirbhísí Poiblí (UPSP)
- Seoladh ríomhphoist
- Sonraí airgeadais
- Taifid oideachais agus oiliúna
- Sonraí fostaíochta
- Uimhir theileafóin
- Íomhánna ó ghrianghraif a tógadh ag imeachtaí nó ó CCTV slándála i bhfoirgnimh na Comhairle



## Cad a deir an dlí faoin gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

### Seo iad na trí chás ina ndeir an dlí gur féidir linn do shonraí pearsanta a úsáid:

| Staid | Sampla |
|---|---|
| Tugann tú do thoiliú dúinn d'fhaisnéis a úsáid | Nuair is mian leat a bheith mar chuid de liosta ríomhphoist |
| Chun ligeann dúinn tasc a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus nó ar ár ndualgas oifigiúil mar údarás áitiúil mar a cheadaítear faoin reachtaíocht Rialtais Áitiúil | Deontais ghnó a phróiseáil faoi alt 67 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 |
| D'fhonn conradh a aontú | Agus sinn ag íoc as soláthairtí nó seirbhísí |

## Cé leis a roinnfimid do shonraí pearsanta?

### D'fhéadfaimis do chuid sonraí pearsanta a roinnt leis na grúpaí seo a leanas, ach ní fhéadfaimis iad a roinnt ach amháin nuair is gá:

- Fiontraíocht Éireann
- Comhaltaí an choiste Meastóireachtaí agus Formheasanna
- Painéal moltóireachta
- Meantóirí
- Micrea-Airgeadas Éireann
- Clár Fiontraíochta Mac Léinn
- Soláthraí cúrsa oiliúna

Enterprise Ireland

Microfinance Ireland
Small Business Loans

Oifig Fiontair Áitiúil
Local Enterprise Office

### Má theastaíonn tuilleadh sonraí uait faoin gcaoi a láimhseálaimid sonraí in Oifig Fiontair Áitiúil an Longfoirt, déan na nithe seo a leanas le do thoil:

| Roghanna teagmhála | Sonraí Teagmhála |
|---|---|
| **Guthán** | 043 334 4207 |
| **Ríomhphost** | dpo@longfordcoco.ie |

**D'úsáideamar treoirlínte teanga simplí chun an polasaí seo a chruthú**